



Chuíg: Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna

An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre le haghaidh Fostaithe de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna

1. RÉAMHRÁ

Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna fógra a thabhairt do Phríomhfheidhmeannaigh faoi na téarmaí agus coinníollacha athbhreithnithe le haghaidh na Scéime um Rothaíocht chun na hOibre. Beidh feidhm ag an scéim maidir le gach ball foirne atá fostaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna.

Tugadh isteach leis an Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2008, reachtaíocht lena gceadaítear d'fhostóir an caiteachas a bhaineann le rothar nua¹ a sholáthar d'fhostaí a thabú gan an fostaí a bheith faoi dhliteanas i leith cánachas sochair chomhchineáil. Ceadáítear leis an reachtaíocht freisin go mbeidh feidhm ag an díolúine ó cháin sochair chomhchineáil i gcomhthéacs imghéilleadh tuarastail, is é sin, cásanna inar chomhaontaigh fostaí cuid dá t(h)uarastal a ligean uaidh/uaithi nó a imghéilleadh in ionad rothar nua a fháil ón bhfostóir. Ní íocfaidh an fostaí cáin, Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa, tobhach ioncaim nó asbhaint a bhaineann le pinsean ar an luach saothair a imghéilleadh.

An tAcht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) (Uimh. 2), 2020

Foráiltear le halt 9 den Acht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) (Uimh. 2), 2020, do mhéaduithe a dhéanamh ar an gcaiteachas is incheadaithe faoin scéim um rothaíocht chun na hoibre. Foráiltear leis freisin go bhféadfaidh fostaithe agus stiúrthóirí leas a bhaint as an scéim ar bhonn níos rialta.

Foráiltear leis an Acht do dhá teorainn díolúine, ag brath ar an gcineál rothair a cheannófar.

Tá feidhm ag na teorainneacha díolúine athbhreithnithe ón **1 Lúnasa 2020**.

Beidh feidhm ag an díolúine maidir leis an gcéad €1,250 a thabhóidh fostóir i ndáil le rothar agus/nó trealamh sábháilteachta rothair a sholáthar d'aon fhostaí nó stiúrthóir amháin. Beidh feidhm ag teorainn díolúine €1,500 i gcás go soláthrófar rothar leictreach (lena n-áireofar trealamh sábháilteachta rothair).

Ní fhéadfaidh fostaí nó stiúrthóir leas a bhaint as an díolúine ach uair amháin in aon tréimhse ceithre bliana (cúig bliana roimhe seo), dar tús an dáta a sholáthrófar rothar nó trealamh sábháilteachta rothair dó/di den chéad uair.

Féadfaidh fostóir caiteachas os cionn na dteorainneacha thuas a thabú. Ní chuirfidh sé sin cosc ar an bhfostaí nó ar an stiúrthóir leas a bhaint as an díolúine. Ní bheidh ach an chéad €1,250 a chaithfear (nó €1,500, i gcás rothar leictreach) díolmhaithe ó cháin ioncaim, áfach.

¹ Beidh feidhm ag an scéim freisin maidir le trealamh sábháilteachta a bhaineann leis an rothaíocht.

An teorainn roimh an 1 Lúnasa 2020

Roimh an 1 Lúnasa 2020, bhí feidhm ag teorainn amháin maidir leis an gcéad €1,000 a chaith fostóir ar rothair agus ar rothair leictreacha araon. Ní fhéadfaí leas a bhaint as an díolúine ach uair amháin in aon tréimhse cúig bliana.

I gcás gur bhain duine aonair leas as an scéim laistigh den tréimhse ceithre bliana roimh an 1 Lúnasa 2020, ní fhéadfaidh sé/sí leas a bhaint láithreach as an méadú ar theorainneacha na scéime. Beidh an duine aonair sin in ann leas a bhaint as na teorainneacha méadaithe a luaithe a rachaidh an tréimhse ceithre bliana in éag.

Rothar nó rothar leictreach nó trealamh sábháilteachta a cheannach

Ní mór don fhostóir an rothar nó an rothar leictreach agus/nó an trealamh sábháilteachta a cheannach. Ní bheidh feidhm ag an díolúine i gcás go gceannóidh fostaí nó stiúrthóir rothar nó rothar leictreach agus/nó trealamh sábháilteachta rothair agus go n-aisíocfaidh a f(h)ostóir an caiteachas leis/léi.

Muirir sheachadta

I gcás go dtabhóidh fostóir muirir sheachadta i leith an rothair nó an rothair leictreach agus/nó an trealamh sábháilteachta, cumhdófar leis an díolúine na muirir sin, ar choinníoll nach mó uasluach an tsochair, muirir sheachadta san áireamh, ná na teorainneacha ábhartha atá leagtha amach thuas faoin Acht um Fhorálacha Airgeadais (Covid-19) (Uimh. 2), 2020.

Is féidir treoirnóta agus sraith Ceisteanna agus Freagraí ó na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis an scéim a fháil ag an nasc seo a leanas:

<https://www.revenue.ie/en/tax-professionals/tdm/income-tax-capital-gains-tax-corporation-tax/part-05/05-04-08.pdf>

Ní bheidh feidhm ag an scéim ach amháin maidir le rothair nua agus trealamh sábháilteachta rothair nua a cheannófar ó sholáthraithe ceadaithe. Tá liosta soláthraithe agus tuilleadh faisnéise faoin scéim um rothaíocht chun na hoibre ar fáil ar shuíomh Gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais ag an nasc seo a leanas:

<https://ogp.gov.ie/wp-content/uploads/17-08-2020-Bicycle-Suppliers.pdf>.

2. CEANGLAIS NA SCÉIME

Beidh imghéilleadh tuarastail ag fostaí i leith rothar a fháil inghlactha ag na Coimisinéirí Ioncaim chun críocha cánach faoi na coinníollacha seo a leanas:

- Ní mór athrú infhorfheidhmithe bona fide a bheith ann ar na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta, i.e. sochar a roghnú in ionad tuarastail.
- Níor cheart an t-athrú a bheith cúlghabhálach agus ní mór fianaise i scríbhinn a bheith air.
- Níor cheart aon teidlíocht a bheith ann chun an sochar a mhalartú ar airgead tirim.
- Ní fhéadfar an rogha a rinneadh (i.e. sochar in ionad airgead tirim) a dhéanamh níos minice ná uair amháin in aon tréimhse ceithre bliana.
- Ní mór an rogha a rinneadh a bheith neamh-inchúlghairthe don bhliain ábhartha ina ndearnadh í.

Ní bheidh aon tionchar ag an imghéilleadh tuarastail ar ranníocaíochtaí pinsin nó ar shochair phinsin.

3. IARRATAS AR AN SCÉIM

Ceanglaítear ar dhaoine aonair atá ag iarraidh leas a bhaint as an Scéim um Rothaíocht chun na hOibre na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Na coinníollacha lena rialaítear an scéim (Aguisín 3) a léamh agus comhaontú leo.
- Foirm Iarratais (Aguisín 1) a chomhlánú, áit a leagtar amach **an rothar nó an rothar leictreach agus/nó an trealamh sábháilteachta rothair** atá le ceannach.
- An Fhoirm um Asbhaint Tuarastail a Údarú (Aguisín 2) a shíniú, áit a leagtar amach an t-imghéilleadh tuarastail do na míreanna a iarradh, i.e. **costas iomlán** an rothair agus/nó an trealamh sábháilteachta rothair, mar atá luaite ar an sonrasc.

Féadfar iarratais a chur faoi bhráid oifig riaracháin an Bhoird Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann ag aon am le linn na bliana.

Molann an Roinn go gcuirfí na foirmeacha ar fáil do bhaill foirne ar shuíomh Gréasáin gach Boird Oideachais agus Oiliúna.

Ní mór an t-iarratas a chomhlánú i gcomhar leis an soláthraí. Tabharfar ar an iarratas faisnéis faoin rothar nua nó faoin rothar leictreach nua agus/nó faoin trealamh sábháilteachta rothair nua a soláthraíodh agus sonraí an tsoláthraí. Ní mór don soláthraí an sonrasc ábhartha a cheangal leis an iarratas. Ní mór don soláthraí a ghlacadh leis freisin nach ndéanfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna an íocaíocht ach amháin trí Ríomhaistriú Airgid.

I gcás go mbeidh an soláthraí ceadaithe lonnaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, is amhlaidh, chun críocha Cánach Breisluacha (CBL), gur mar Fháil laistigh den Chomhphobal a chaithfear le rothar nó rothar leictreach a cheannaigh an fostóir ó sholáthraí atá cláraithe do CBL i mBallstát eile den Aontas Eorpach. Ba cheart uimhir CBL an fhostóra a thabhairt don soláthraí. Tá an uimhir sin ar fáil ón mBord Oideachais agus Oiliúna ach í a iarraidh.

4. ASBHAINTE TUARASTAIL

Leagtar amach san Fhoirm um Asbhaint Tuarastail a Údarú an t-imghéilleadh tuarastail do na míreanna a iarradh. Ba cheart na critéir seo a leanas a thabhairt faoi deara maidir leis na hasbhaintí ón tuarastal:

- Tosófar ar asbhaintí tuarastail a dhéanamh ar an dáta íocaíochta tuarastail is luaithe is féidir tar éis an fhoirm iarratais a fháil.
- **Ní mór** gach asbhaint tuarastail a dhéanamh faoin bpárolla deiridh i Samhain na bliana féilire inar tosaíodh ar iad a dhéanamh.
- Féadfaidh fostaí a roghnú go ndéanfaí na hasbhaintí tuarastail thar thréimhse níos giorra.
- I gcás go mbeidh fostaí le baint den phárolla roimh Shamhain na bliana ina ndearna sé/sí iarratas ar an scéim, ní mór an t-imghéilleadh tuarastail ar fad a bheith aisghafa faoina (h)íocaíocht tuarastail deiridh.
- I gcás eisceachtúil ina mbeidh an soláthraí ceadaithe lonnaithe lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, is amhlaidh, chun críocha CBL, gur mar Fháil laistigh den Chomhphobal a chaithfear le rothar a cheannaigh an fostóir ó sholáthraí atá cláraithe do CBL i mBallstát eile den Aontas Eorpach. Sna himthosca sin, ní mór teagmháil a dhéanamh le rannóg párolla an Bhoird Oideachais agus Oiliúna sula n-iontrálfar an méid imghéillte tuarastail ar an bhFoirm um Asbhaint Tuarastail a Údarú.

A luaithe a chuirfear na socrúithe asbhainte tuarastail i bhfeidhm, féadfar an rothar nó an rothar leictreach nó an trealamh sábháilteachta rothair a bhailiú ón soláthraí. Ba cheart fógra a thabhairt i scríbhinn don fhostaí faoi cén uair a thosófar ar asbhaintí a dhéanamh.

5. FAISNÉIS A SCAIPEADH

Iarrtar ort aird gach baill foirne de chuid do Bhoird Oideachais agus Oiliúna a tharraingt ar a bhfuil sa Chiorclán seo. Is féidir an ciorclán seo a rochtain ar leathanach Gréasáin na Roinne Oideachais: www.education.ie

6. CEISTEANNA

Ba cheart aon cheisteanna maidir le hoibriú na scéime seo a sheoladh le ríomhphost ar an gcéad ásc chuig an mBord Oideachais agus Oiliúna lena mbaineann. Is féidir tuilleadh treorach/soiléirithe a iarraidh ach ríomhphost a sheoladh chuig Rannóg Pearsanra Airgeadais agus Riaracháin na mBord Oideachais agus Oiliúna ag financialetb@education.gov.ie.

7. CIORCLÁN ROIMHE SEO

Glacann an ciorclán seo ionad chiorclán 0025/2014.

Martina Mannion
Príomhoifigeach.
Pearsanra Airgeadais agus Riaracháin na mBord Oideachais agus Oiliúna
Lúnasa 2020

3 Sonraí an Rothair/an Trealamh Rothaíochta a Ordaíodh

Earraí	Cur síos	CBL san áireamh sa phraghas
Rothar/Rothar Trírothach		
Rothar leictreach (rothar nó rothar trírothach atá feistithe le mótar leictreach ag a bhfuil uaschumhacht rátaithe leanúnach 0.25 cileavata)		
Clogad rothaíochta atá de réir chaighdeán Eorpach EN1078		
Cloigíní agus bonnán bolgáin		
Soilse, lena n-áirítear pacáí dineamó		
Scátháin agus pludghardaí		
Fáiscíní rothaíochta agus gardaí éadaigh		
Painnéir, iompróirí bagáiste agus strapaí		
Glais agus slabhraí		
Teannairí, fearais deisithe poill, foirne uirlisí rothaíochta agus séaltán boinn		
Éadaí frithchaiteacha agus frithchaiteoirí bána tosaigh agus frithchaiteoirí spóca		
<u>Iomlán</u>		

Níl feidhm ag an díolúine sochair chomhchineáil maidir le gluaisrothair, maidir le scútair nó maidir le móipéidí.

Ceangail Sonrasc don Rothar/don Trealamh Rothaíochta den Mhéid Iomlán a Ordaíodh.

Aguisín 2
An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre
Foirm um Asbhaint Tuarastail a Údarú

Údaraím leis seo méid € _____, de réir an tsonraisc, a imghéilleadh ó mo bhuntuarastal bliantúil in ionad rothar nua nó rothar leictreach nua nó trealamh sábháilteachta rothair nua a fháil ó (Ainm an Bhoird Oideachais agus Oiliúna) _____. Tuigim go mbeidh an socrú sin i bhfeidhm go dtí go mbeidh an t-imghéilleadh tuarastail aisghafa agus go léireofar na hasbhaintí i mo dhuillíní pá thar cheann amháin de na tréimhsí thíos (sonraigh do thréimhse asbhainte roghnaithe):

An dáta tosaithe go Samhain	
An dáta tosaithe go Lúnasa*	
An dáta tosaithe go _____ (sonraigh)	

* Roghnófar Lúnasa i gcás iarratasóirí atá fostaithe faoi chonradh téarma shocráithe nó faoi chonradh páirtaimseartha rialta atá le dul in éag i mí Lúnasa.

Dearbhaím gur le m'úsáid phearsanta a bheidh an rothar nó an rothar leictreach nó an trealamh sábháilteachta rothair a sholáthrófar faoin scéim seo agus gur le haghaidh aistir cháilitheacha a úsáidfear go príomha é, i.e. aistir chuig an obair agus/nó uaithi agus/nó idir áiteanna oibre, agus go mbeidh an úsáid sin faoi réir aon rialacha nó aon choinníollacha a bheidh i bhfeidhm maidir le hoibriú agus úsáid an trealamh.

Tuigim gur cheart dom an rothar nó an rothar leictreach a úsáid ar aon dul leis na rialacha agus na rialacháin uile atá leagtha amach ag an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus gur cheart dom trealamh sábháilteachta rothair cuí a úsáid i gcónaí.

Léigh mé coinníollacha na Scéime um Rothaíocht chun na hOibre agus ciorclán 0055/2020 agus comhaontaím leo.

Deimhním go ndearna mé comhaontú leis an soláthraí atá ainmnithe ar an sonrasc, a fhágann go soláthróidh sé an rothar nó an rothar leictreach nó an trealamh sábháilteachta rothair dom de réir an tsonraisc a cuireadh isteach.

I gcás nach mbeidh cuntas bainc an tsoláthraí lonnaithe i bPoblacht na hÉireann, is féidir go ngearrfar táille ainmniúil bhreise chun an íocaíocht a dhéanamh leis an soláthraí tríd an gCóras Ríomhaistrithe Airgid, ar táille í a bheidh ar áireamh san fhiúir imghéillte tuarastail.

AINM _____
BAIN ÚSÁID AS BLOCLITREACHA

UPSP _____

Sínithe: _____

Dáta: _____

Cosaint Sonraí

Caithfidh *Ainm an Bhoird Oideachais agus Oiliúna* leis na sonraí pearsanta uile atá tugtha agat ar an bhfoirm seo mar ábhar atá faoi rún agus ní bhainfear úsáid astu ach amháin chun na críche atá beartaithe. Ní nochtfar an fhaisnéis sin ach amháin de réir mar a cheadaítear le dlí nó chun na gcríoch atá liostaithe i gclárúchán an Bhoird Oideachais agus Oiliúna leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí - TAG. 10764/A.

Iarrfar cead uait i gcás go mbeidh an fhaisnéis atá tugtha agat le húsáid chun críocha seachas na críocha sin atá leagtha amach i gclárúchán an Bhoird Oideachais agus Oiliúna leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí.

Aguisín 3
Coinníollacha na Scéime um Rothaíocht chun na hOibre

1. Ní mór don iarratasóir bheith fostaithe faoi Chonradh Buan, faoi Chonradh Tréimhse Éiginnte, faoi Chonradh Téarma Shocraithe nó faoi Chonradh Páirtaimseartha Rialta tráth an iarratais. Ní mór go mbeidh an fhostaíocht in ann maireachtáil go dtí go mbeidh an t-imghéilleadh tuarastail aisghafa. Ní fhéadfaidh fostaithe ócáideacha nó neamhócáideacha leas a bhaint as an scéim.
2. Ní mór don fhostaí cuid dá b(h)untuarastal bliantúil a imghéilleadh nó a ligean uaidh/uaithi in ionad rothar nua nó rothar leictreach nua nó trealamh sábháilteachta rothair nua a fháil ón mBord Oideachais agus Oiliúna. Beidh an socrú sin i bhfeidhm go dtí go mbeidh an t-imghéilleadh tuarastail aisghafa agus léireofar é sin i nduilleíní pá an fhostaí thar an tréimhse sin.
3. Ní mór an rothar nua nó an rothar leictreach nua nó an trealamh sábháilteachta rothair nua a ceannaíodh faoin scéim a úsáid go príomha chun taisteal chuig an obair agus/nó uaithi agus/nó idir áiteanna oibre.
4. Agus rothar nua nó rothar leictreach nua á cheannach aige/aici, ní mór don fhostaí a bheith ar an eolas go gcuireann an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann caighdeán áirithe sábháilteachta rothair chun feidhme thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh. Maidir le rothair a chomhlíonann caighdeán den sórt sin, déantar talamh slán de go gcomhlíonann siad Treoir 2001/96/CE ón Aontas Eorpach maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí, lena gcuirtear oibleagáid ar tháirgeoirí táirgí sábháilte a chur ar an margadh. Is iad seo a leanas na caighdeáin ábhartha;
I.S. EN14764:2006 - rothair chathrach agus fáilróide,
I.S. EN14766:2006 – rothair shléibhe,
I.S. EN14781:2006 – rothair rásaíochta.
Is féidir tuilleadh faisnéise faoi na nithe sin a rochtain ag <http://www.nsai.ie>
5. Ní fhéadfaidh an fostaí scor dá rannpháirtíocht sa scéim roimh dhul in éag an tsocraithe imghéillte tuarastail, ach amháin i gcás foirceannadh fostaíochta. I gcás go bhfoirceannfar an fhostaíocht roimh dhul in éag an tsocraithe imghéillte tuarastail, ní mór don fhostaí an t-iarmhéid atá dlite a íoc leis an mBord Oideachais agus Oiliúna, ar iarmhéid é a fhéadfar a asbhaint ó aon íocaíocht atá amuigh. I gcás nach féidir déanamh amhlaidh, is féidir gur gá don Bhord Oideachais agus Oiliúna an t-iarmhéid atá dlite a aisghabháil ón bhfostaí.
6. Ní fhéadfar leas a bhaint as an scéim ach uair amháin i ngach tréimhse ceithre bliana. Dá réir sin, ní fhéadfaidh duine a bhain leas as an scéim sa bhliain 2019 faoi théarmaí Chiorclán 0025/2014 iarratas eile a dhéanamh uirthi go dtí an bhliain 2023.
7. Ní bheidh feidhm ag an scéim ach amháin maidir le rothar nua nó rothar leictreach nua nó trealamh sábháilteachta rothair nua a cheannófar ó sholáthraithe ceadaithe. Tá liosta iomlán soláthraithe ar fáil ar shuíomh Gréasáin Oifig na nOibre Poiblí: <https://ogp.gov.ie/wp-content/uploads/17-08-2020-Bicycle-Suppliers.pdf>.
8. Íocfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna leis an soláthraí as an rothar nó an rothar leictreach nó an trealamh sábháilteachta rothair. Ceann de na ceanglais a chuirfear ar sholáthraithe atá páirteach sa scéim is ea gur chun tairbhe don fhostaí a bheidh na barántaí uile a bhaineann leis an rothar nó an rothar leictreach nó an trealamh sábháilteachta rothair agus gur idir an fostaí agus an soláthraí a réiteofar aon saincheistanna a thiocfaidh chun cinn i leith na mbarántaí.

9. Admhóidh an fostaí nach mbeidh an Bord Oideachais agus Oiliúna freagrach as slándáil, diúscairt, cothabháil, deisiú agus úsáid an rothair nó an rothair leictrigh agus/nó an trealaimh shábháilteachta rothair agus nach mbeidh sé faoi dhliteanas ina leith.
10. Ní ghlacfaidh an Bord Oideachais agus Oiliúna le haon fhreagracht as mí-úsáid na rothar nó na rothar leictreach nó an trealaimh ag fostaithe agus dearbhóidh sé gur neamh-inaistrithe a bheidh rothair nó rothair leictreacha nó trealamh sábháilteachta rothair a cheannófar faoin scéim.